# Nuachtlitir Ógras

*Fáilte chuig an chéad eagrán do Nuachtlitir Ógras. Beidh an Nuachtlitir ag dul amach gach mí chun clubanna agus tuismitheoirí a choimeád ar an eolas faoi nuacht, ócáidí agus gníomhaíochtaí Ógras. Is féidir le clubanna eolas a sheoladh ar aghaidh chuig eolas@ogras.ie roimh an 25ú den mhí má tá nuacht nó scéal le roinnt acu.*

## Tosú suas agus clárú na gClubanna

Ba chóir go mbeidh gach club tosaithe nó beagnach tosaithe suas arís don bhliain ag an bpointe seo. An slí is fearr le seo a dhéanamh ná oíche chlárúcháin a bheith ag an chlub inar féidir le ceannairí, tuismitheoirí agus daoine óga bualadh lena chéile, aithne a chur ar a chéile agus ar obair Ógras, íocaíocht a eagrú (ú20 an costas ar chlárú don bhliain) agus foirmeacha a líonadh amach. Tá neart eolais faoi chlubanna ar fáil ar ár suíomh.

Liosta na gclubanna ag feidhmiúð má tá tú ag iarraidh do pháiste a chlárú le club glaoigh orainn ar (01) 475 1487 chun a chinntiú go bhfuil an club atá ar intinn agat tosaithe.

***If you would like to register your child with an Ógras Youth Club call us on (01) 475 1487.***




## Scléip na hÓige— 1, 2 & 3 Samhain 2017

Beidh Scléip na hÓige ar siúl i gCill Airne i mbliana, agus beidh daoine óga ó chlubanna Ógras ar fud na tíre ann chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt, ealaín, rince, i gceol, i dTráth na gCeist, cluichí, comórtais, ceardlanna, céilí, Féile an Oireachtais agus níos mó. Is deis iontach í Scléip na hÓige dœinne atá cláraithe le hÓgras teacht linn ar chostas íseal ú85ð a chlúdaíonn taistil, lóistín, béiltí i gCill Airne, gach gníomhaíocht agus ceardlanna.

Tuilleadh eolais faoi Scléip na hÓige (agus muid fós á phleanáil) anseo.





## Clár Imeachtaí Bliana Ógras 2017 – 2018

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi cad atá ar siúl ag Ógras agus na hócáidí tábhachtacha le cur i do dhialann amharc anseo chun Clár Bliana Ógras a fheiceáil.



**Míle buíochas agus fáilte go bliain nua ó gach éinne ag Ógras!**

ÓGRAS • don Ghaeilge • don Óige •